Caibidil 3

2.30 pm, Dé hAoine 18 Meán Fómhair

Leithinis álainn Bhéarra. Sléibhte móra mar chnámh droma uirthi agus talamh feirme gléasta ar a sleasa íochtaracha. Sráidbhailte greamaithe go daingean in ascaillí cósta agus gleanna. Inbhir agus oileáin, báid ag bogadaíl go réidh ar an bhfarraige. Daoine lácha a d'fháiltigh riamh roimh chuairteoirí.

Ní raibh Réamonn Seoighe meallta ag an tsamhail, ba chuma go ndúirt gach duine leis go raibh sí fíor. Bhí spéir íseal os a chionn agus ceobhrán fliuch salach ar an bhfuinneog os a chomhair. Bhí sé ar a shlí ó Bheanntraí go Baile Chaisleáin Bhéarra agus as sin go dtí an Glaisín. Ba dheacair dó a thuiscint gur roghnaigh daoine teacht ar saoire chuig áiteanna den sórt seo. Bóthar fada folamh a chonaic sé ag lúbadh amach roimhe. Tírdhreach lom, cnapánach. Uaigneas.

Bhí Béarra níos deise faoi chaoinsolas na gréine, mar a thuig sé. Ach níor leor léas gile ón spéir chun é a mhealladh. B'ionann sliabh amháin agus ceann eile, dar leis, agus ní roghnódh sé saoire a chaitheamh ag stánadh ar mhanglam uisce agus cloch in aon chúinne ar domhan. Maidir le daoine fáiltiúla, scanróidís é agus iad ag iarraidh comhrá a bhaint as. B'fhearr leis míle uair cuairt a thabhairt ar mhórchathracha na cruinne – Beirlín, Nua-Eabhrac, Caireo, Kuala Lumpur –

áiteanna ina raibh cuisle na beatha daonna ag preabadh gan stad. Gleo, brú agus trangláil, na milliúin duine buailte leis agus gan aithne aige ar dhuine dá laghad acu.

Ní ar saoire a bhí sé ar an lá liath seo, áfach, ach i mbun a chuid oibre mar gharda. Bhí sé lonnaithe i stáisiún Bheanntraí le breis is bliain, agus seal caite aige roimhe sin i stáisiún beag i lár tíre. An t-am á chur isteach aige, ina intinn féin, go dtí go gceadófaí dó aistriú go post cathrach. Aicsean agus contúirt a shantaigh sé, mar bhleachtaire i mbruachbhaile corraithe de chuid Bhaile Átha Cliath nó Luimnigh.

“Ba mhaith liom an gnó seo sa Ghlaisín a chur dínn go mear.” Bhí an Bleachtaire-Chigire Trevor Ó Céileachair ina shuí in aice leis sa ghluaisteán, agus beartán nótaí ina lámh aige.

“Rinne mé an socrú a d’iarr tú, a Chigire, agus beidh Aoife Nic Dhiarmada ag súil linn ag a trí a chlog. Ach más mian leat an plean a leasú . . .?”

“Ná bac leasú, níl ann ach go mbeidh orainn bualadh síos chuig an gcé i mBaile Chaisleáin níos déanaí.” Labhair an cigire go séimh, ach thug Réamonn suntas don smid mífhoighne a léirigh sé. Bhíodh sé deacair, dar leis, a chuid cainte féin a mheá go beacht don chigire. “Tá trioblóid ag bagairt leis an long úd. An ceann Rúiseach atá tréigthe ag na húinéirí. Ní foláir gur bligeaird chearta iad, gur fhág siad scata fear ar an long gan pingin rua ná greim le n-ithe acu.” D’iompaigh sé cúpla leathanach. “Ach thug an Sáirsint Mac Muiris cuntas breá cuimsitheach ar na hagallaimh a rinne sé thuas sna Bánchnoic, agus ní gá dúinne dul siar orthu.”

Le tost béasach a d’fhreagair Réamonn a oifigeach sinsearach. Bhí amhras air, i ndáiríre, an raibh mórán san eachtra a tuairiscíodh ó Bhéarra an tráthnóna roimhe sin.

Ach bhíodh fonn i gcónaí air obair in éineacht leis an mbleachtaire-chigire, chun a chumas iniúchta a chruthú dó. I mBeanntraí a bhí an cheanncheathrú dúiche ag na gardaí agus bhíodh teagmháil rialta ag Trevor Ó Céileachair le stáisiúin ar fud iarthar Chorcaí. Nuair a théadh Trevor ar camchuairt chuireadh Réamonn é féin chun cinn mar chúntóir aige.

Thairis sin, bhí buntáiste sa bhreis ag baint leis an turas go Béarra. Bhí Réamonn fiosrach faoi Aoife Nic Dhiarmada ó chuala sé gardaí eile sa stáisiún ag caint fúithi. Bhí cáil áirithe uirthi, ba chosúil, as scéal dúnmharaithe a thabhairt chun solais sa Ghlaisín beagán blianta roimhe sin. Ba léir dó freisin go raibh Trevor ar a airdeall fúithi, ón tslí ar labhair sé sa stáisiún. "Tá na leaids i mBaile Chaisleáin i mbun fiosruithe," a bhí ráite aige. "Ach níor mhiste dúinn féin súil a chaitheamh ar chúrsaí, nó cá bhfios cén trioblóid a tharraingeodh bean na mBánchnoc anuas orainn an uair seo."

"Cad a cheap tusa, a Réamoinn, nuair a casadh Tessa Scorlóg ort ar maidin?"

D'fhan Réamonn nóiméad sular fhreagair sé é. Bhí aird aige ar an mbrú tráchta i lár Bhaile Chaisleáin Bhéarra. Agus níor mhian leis a admháil nach raibh sé in ann a intinn féin a dhéanamh suas faoin othar a raibh comhrá gearr aige léi in ospidéal Bheanntraí.

"Deir sí nach bhfuil cuimhne cheart aici ar an méid a tharla di inné," ar sé nuair a bhí casadh cúng glactha aige taobh le hollmhargadh. "Ní hamháin sin, ach thug sí dhá nó trí insint dhifriúla ar a scéal."

"Ní admhaíonn sí go raibh coinne aici le hOscar Mac Ailpín amuigh san uaigneas, más ea?"

"Dúirt sí go raibh siad an-chairdiúil lena chéile, ach mhaígh sí nár chas sí le Mac Ailpín tar éis di an t-óstán a fhágáil."

"Mhaígh sí an rud ba mhaith léi a chur i gcluasa a fir chéile, cuirfidh mé geall leat. Agus maidir leis na dochtúirí, is dócha nach raibh mórán cúnaimh le fáil uathu siúd ach oiread?"

"Ní raibh, is oth liom a rá." Chuir Réamonn an gluaisteán sa dara giar agus iad ag dreapadh suas cnoc géar. Bhí simléir an bhaile agus longa an chuain le feiceáil aige sa chúlscáthán. "Dúirt siad go raibh an gortú a tharla do Bhean Scorlóg ag teacht le cúinsí tionóisce. Ach, mar sin féin, ní fhéadfaidís ionsaí a chur as an áireamh."

"Galar gan leigheas orthu mar dhochtúirí! Nach gceapfá go dtuigfidís cad a thit amach? Nach chuige sin a íoctar cnap airgid leo?"

"Níl an créacht féin ródhomhain, a dúirt siad. Agus maidir leis an áit ina bhfuil sé ar chúl a cloiginn, tá an dá fhéidearthacht ann: d'fhéadfadh sé gur thit sí trí thionóisc ar chloch, nó arís eile, gur ionsaíodh d'aon ghnó í."

Thug Réamonn spléachadh tapa ar a chompánach. Bhí sé buartha go raibh an méid a dúirt sé féin ró-leamh, tomhaiste. Ach bhí leisce air a intinn a dhéanamh suas gan na fíricí ar fad a bheith aige.

"Mar is eol duit," ar sé ansin, "fuarthas rian alcóil ina cuid fola, cé nárbh fhéidir a rá go cruinn cén t-am a bhí sí ag ól."

"Ná cé mhéid go cruinn a bhí ólta aici i gcaitheamh an lae, go bhfóire Dia orainn. Ach nuair a labhair Dara Mac Muiris leis an leaid freastail san óstán, dúirt seisean nár dhíol sé léi ach dhá chupán caife agus deoch oráiste."

“Seans go raibh sí ag ól ina haonar, mar sin, agus í amuigh ar a siúlóid?”

“Seans go raibh, nó seans eile fós go ndeachaigh sí ag ól lena cara uasal Oscar Mac Ailpín. D’fhág seisean an t-óstán uair an chloig roimpi. Ach dealraíonn sé go raibh Tessa tar éis é a chloisteáil ag trácht ar Chosán na Stuaice, an áit a raibh sé ag dul ag siúl. Agus ní raibh sí chomh soineanta is a lig sí uirthi leatsa, mar d’fhiafraigh sí den leaid óg cá raibh an cosán céanna, nuair a bhí a bille á íoc aici.”

“Ach ní ar an gcosán siúlóide a fuarthas í ina luí?”

“Níorbh ea, ach ar bhóithrín caoch, a deir an sáirsint, ceann nach siúlfá air mura mbeadh plean agat dreapadh thar an gclaí chun do shlí a dhéanamh suas ar na cnoic. Mar sin féin, n’fheadar nach bhfeilfeadh an áit go maith dá mba *rendezvous* deas ciúin a bhí i gceist.”

“Cad faoi Dhonncha Scorlóg? Arbh fhéidir gur chas seisean lena bhean chéile agus gur éirigh achrann eatarthu?”

“An scéal atá ag Donncha ná gur chaith sé an lá ag iascaireacht in áit darb ainm Carraig an Phúca, leathmhíle síos an cósta ó Óstán an Ghlaisín.” Chas Trevor leathanach dá chuid nótaí. “Níor casadh duine ná deoraí air, a deir sé, ach gur bheannaigh sé cúpla uair do dhream a bhí amuigh ar bhád in aice lena charraigín aonair.”

Thost Réamonn athuair agus é ag faire ar an dúiche. Thug sé faoi deara go raibh an brat scamall ag éirí go mall ó na cnoic. Bhí stráice liathghlas farraige le feiceáil amach uathu agus iad ag druidim leis an taobh ó thuaidh de mhórleithinis Bhéarra. Fiche nóiméad eile go dtí sráidbhaile an Ghlaisín, de réir mar a thuig sé. Bhí gléas treoraithe *GPS* dá chuid féin aige, ach níor chuir sé ar siúl é, ar eagla go gceapfadh an Cigire nach raibh ina leithéid ach gligín.

“Meascán mearaí de scéal atá ann,” arsa Trevor ar ball.

"Ach caithfimid a bheith dóchasach go gcuirfidh Mac Ailpín féin ar ár suaimhneas sinn."

"Rinne mé trí nó ceithre hiarracht glaoch ar an Uasal Mac Ailpín ar maidin," arsa Réamonn. "Ach tá a ghuthán póca curtha as aige, de réir dealraimh, agus níor chuala a rúnaí focal uaidh ach oiread."

"Ná a mhac Eoin, más fíor don ráiteas a thug sé siúd don sáirsint."

"An ndéarfá gurb aisteach an rud é nach bhfuaireamar freagra ó Mhac Mac Ailpín, a Chigire?" Bheartaigh Réamonn go ndéanfadh sé cúiteamh éigin as a bheith tostach níos luaithe. "Is gnách d'fhir ghnó a bheith ar fáil ar an nguthán i gcónaí, ach má tá cúis aige sinn a sheachaint . . ."

"Pé acu an bhfuil nó a mhalairt, ní féidir linn daoine a thabhairt os comhair cúirte toisc gur mhúch siad guthán póca ar feadh seala. Agus deir Eoin Mac Ailpín go bhfuil an nós úd ag a athair ach go háirithe." Cheadaigh Trevor mionghháire bog dó féin. "Lena chois sin, tá léamh dá chuid féin ag an Sáirsint Mac Muiris ar an scéal."

Chaith Réamonn a shúil ar a chompánach. B'éigean dó a admháil go raibh éad á phriocadh faoin ardmheas a bhí ag an gCigire Ó Céileachair ar sháirsint Bhaile Chaisleáin.

"Bhí comhrá ag Dara le foinse dá chuid féin ar maidin, fear a bhfuil aithne réasúnta aige ar Mhac Ailpín. An scéal a fuair sé ná go n-imíonn ár gcara gan tásc nuair a chastar spéirbhean álainn air, agus go mbuaileann an fonn é lá nó dhó a chaitheamh faoin bpluid léi."

Thiomáin Réamonn isteach sa Ghlaisín, sráidbhaile scaipthe a raibh radharc na farraige le fáil uaidh. Thaispeáin na comharthaí bóthair go raibh Óstán an Ghlaisín thíos cois cósta ar chlé agus teach lóistín na mBánchnoc thuas an cnoc ar dheis. Ba bhreá leis go

dtabharfadh an Cigire a thuairim féin faoin eachtra, agus faoin treo ba mhian leis an t-iniúchadh a stiúradh.

“Ní bheidh an tUasal Mac Ailpín róshásta, is dócha, a fháil amach go bhfuil na gardaí á lorg,” arsa Réamonn go cúramach. “Go háirithe nuair a chloisfidh sé go bhfuil líomhain ina choinne gur bhuail sé sonc ar bhean le cloch?”

“An é go bhfuil tú imníoch faoin gcáil atá ar Mhac Ailpín – go bhfuil cairde aige i measc lucht rialtais? Agus dá réir sin, gurbh fhearr dúinne an scéal a láimhseáil go bog?” Tháinig amhras ar Réamonn an raibh an rud mícheart ráite aige. Ach rinne an Cigire gáire séimh. “Má thugann an tUasal Mac Ailpín freagraí sásúla dúinn, ní cás dósan ná dá chairde cumhachtacha a bheith imníoch. Agus mura bhfuil, b’fhéidir go mbeidh jab spéisiúil idir lámha againn ar ball beag.”

Bhí crainn agus sceacha ag fás go flúirseach thart ar na Bánchnoic agus ní raibh an teach le feiceáil i gceart go dtí gur thiomáin Réamonn píosa isteach ón ngeata adhmaid. Teach de stíl sheanaimseartha a bhí ann, dar leis, an sórt a thóg dream uasal céad nó dhá chéad bliain roimhe sin. Ach ar ndóigh thaitin seantithe le turasóirí ón iasacht go háirithe.

“Bascadh is bá air!” De gheit a labhair Trevor. “Tá cuairteoir eile romhainn agus aithním an bligeard! Mór an trua nach bhfacamar é in am.”

Chonaic Réamonn beirt ina seasamh ag doras an tí. Bhí spórtcharr ar dhath an airgid páirceáilte in aice leo.

“Cé atá ann nach mian leat casadh leis?”

“Jack Talbot,” arsa an Cigire. “A mhótar taibhseach a d’aithin mé láithreach, an Mercedes úd thall a chosain pingin mhaith, geallaimse duit é.”

"Tá an t-ainm Jack Talbot cloiste agam, ach . . . Iriseoir atá ann, an ea?"

"Smúiríneach lofa d'iriseoir atá ann. Nach léann tú an soiscéal a fhógraíonn sé do na fíréin ar fud na tíre ina cholún Domhnaigh?"

"Ach cén fáth . . .? Is do nuachtán náisiúnta a scríobhann sé, nach ea, agus conas a chloisfeadh sé . . .?"

"Tá teach saoire aige cúpla míle uainn féin i mBeanntraí. Ach níor thuig mé go raibh sé cairdiúil le hAoife Nic Dhiarmada, ní foláir dom a admháil, cé go mbíodh sí féin ag plé le cúrsaí nuachta ar feadh na mblianta, agus cá bhfios dúinn riamh . . ."

Bhí Jack Talbot ag siúl i dtreo ghluaisteán na ngardaí agus straois gháire ar a éadan glanbhearrtha.

"Ná habair focal leis faoinár gcúram anseo," arsa Trevor, "go dtí go bhfeicfimid cá seasann cúrsaí." D'oscail sé doras an ghluaisteáin agus chonaic Réamonn mionghháire béasach á réiteach aige ar a bhéal.

"A chairde na páirte!" Shín Jack Talbot a lámh amach go croíúil. "Nach deas sibh a fheiceáil amuigh anseo ar an iargúil? Tá súil agam nach drochscéal a thug ann sibh?"

"Tá súil agam nach strus oibre a thug chomh fada seo ó bhaile tú, a Jack, iarnóin Aoine ach go háirithe?"

"Ó, ná bí ag caint ar an strus, *mon ami*, ach cad atá i ndán dúinn ar an saol seo ach síorobair?" Choinnigh Jack céim ar chéim le Trevor agus iad ag déanamh ar an teach. "Ar ndóigh, más féidir liom cabhrú libhse in aon tslí, a Chigire, is leor nod don eolach. Táimid go léir cráite, gan dabht, ag na bithiúnaigh a bhagraíonn ainriail ar phobal na hÉireann."

Bhí Aoife Nic Dhiarmada ag fanacht leo ag an doras. Bean sna daichidí a bhí inti, a cuid gruaige donnrua gearrtha go spíceach agus dreach cantalach uirthi, dar le Réamonn.

"Tá mé buíoch díot, a Jack," ar sí leis an iriseoir, nuair a cuireadh gach duine in aithne dá chéile. "Ach mar a dúirt mé leat, b'fhearr duit labhairt leis an oifigeach caidrimh phoiblí i gcomhlacht Oscair. Mar a fheiceann tú, tá gnó eile agam anois."

"Tuigim duit, a Aoife, a chuisle." Rinne Jack gliogar gáire. "*Mais alors*, tá a fhios againn go léir gur cur amú ama é a bheith ag plé le lucht *PR* an lá is fearr a bhíonn siad."

Chas an t-iriseoir chuig Trevor is Réamonn, agus straois ar a bhéal i rith an ama. "*Feel-good feature* atá uaim a scríobh, a chairde. Píosa deas agallaimh le laoch tionsclaíochta s'againn féin, Oscar Mac Ailpín. Léargas ar a thacaíocht don áit seo freisin, mar *niche*-mhargadh dúchais i réimse na turasóireachta."

Bhí Réamonn ag faire go géar ar a chigire. Bheadh alltacht air, dar leis, go raibh Aoife agus Jack Talbot ag socrú go scríobhfaí claonscéal faoin tionóisc ar an gcnoc, ionas go ndéanfaí léiriú dearfach ar Mhac Ailpín agus ar na Bánchnoic araon.

"Éist, a Jack, beimid ag caint le chéile arís," arsa Aoife go giorraisc. D'aithin sí siúd, is dócha, go raibh an iomarca ráite os ard ag Talbot. "Ach tá mé buíoch as na moltaí a rinne tú."

Níor chorraigh aon duine ar feadh nóiméid nó dhó. Ansin chuir Trevor in iúl do Jack gur mhaith leis focal a rá ina chluas. Shiúil siad i dtreo an spórtchairr. Bhí tost idir Aoife agus Réamonn.

"Tá brón orm moill a chur oraibh," ar sí ansin. "Creid uaim é, pé cabhair is féidir liom a thabhairt . . ."

"Táimid buíoch díot, a Bhean Mhic Dhiarmada," arsa Réamonn. Rinne sé a dhícheall gothaí foirmeálta a chur air. "Ach tá sé tábhachtach go bhfágfaí obair na ngardaí fúinne, agus maidir leis na meáin chumarsáide . . ."

Bhí Aoife ag stánadh air, iontas le léamh uirthi agus ansin alltacht. Rith sé le Réamonn go raibh an meon sotalach céanna aici agus a bhí ag go leor iriseoirí: go raibh údarás beannaithe ag baint lena gcuid oibre. "Is éard is mian liom a rá," arsa Réamonn léi, "ná nach bhfuil sé inmholta scéal a thabhairt do na meáin chumarsáide faoi eachtraí tromchúiseacha mar a tharla aréir, nuair nár cuireadh an fiosrú oifigiúil a bhaineann leo i gcrích fós."